Rewarding Learning

Socruithe Eatramhacha don Mheasúnú Deireadh Eochairchéime 2024/25

Clár

1	**Forbhreathnú ar na Socruithe Eatramhacha don Mheasúnú Reachtúil in 2024/25**	**1**
1.1	Réamhrá	1
1.2	Daltaí le Sainriachtanais Oideachais (SRO)	1
1.3	Díolúintí eile	2
1.4	Torthaí uimhriúla a sheoladh isteach do dhaltaí atá sna blianta deiridh d'Eochairchéimeanna 1, 2 agus 3 (Blianta 4, 7 agus 10) in 2024/25	2
2	**Measúnú Múinteora**	**3**
2.1	Tascanna Measúnaithe CCEA	3
2.2	Breithiúnais a dhéanamh maidir le leibhéil in 2024/25	3

Roinn 1
Forbhreathnú ar na Socruithe Eatramhacha don Mheasúnú Reachtúil in 2024/25

1.1 Réamhrá

Cuireann an treoir seo a leanas eolas ar fáil a thacaíonn leis na Socruithe Eatramhacha don Mheasúnú Reachtúil Deireadh Eochairchéime[1] don bhliain acadúil 2024/25, sa **Chumarsáid**[2] **(Léitheoireacht)** agus in Úsáid na Matamaitice (**Uimhreas** – ag Eochairchéim 1 agus 2 /**Uimhreas agus Ailgéabar** ag Eochairchéim 3).

De réir ordú na Roinne Oideachais (RO), in 2024/25:

- Is measúnú múinteora é an measúnú reachtúil i mblianta 4, 7 agus 10 ar na gnéithe thuasluaite de na Scileanna Traschuraclaim ag Eochairchéimeanna 1, 2, agus 3.
- In 2024/25, bainfear úsáid as na Leibhéil de Dhul Chun Cinn le measúnú múinteora a dhéanamh ar na codanna seo den Chumarsáid agus d'Úsáid na Matamaitice. Tá siad ar fáil ag **www.ccea.org.uk**:
  - Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid ag Eochairchéimeanna 1 agus 2
  - Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid ag Eochairchéim 3
  - Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn in Úsáid na Matamaitice ag Eochairchéimeanna 1 agus 2
  - Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn in Úsáid na Matamaitice ag Eochairchéim 3
- Ba cheart an leibhéal a bronnadh sa Chumarsáid (Léitheoireacht) agus in Úsáid na Matamaitice (Uimhreas – EC1 & 2, Uimhreas agus Ailgéabar – EC3) a chur isteach trí C2k fá 30 Bealtaine 2025.

I nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta, bronnfar leibhéil ar dhaltaí ag deireadh Eochairchéim 1 sa Chumarsáid (Léitheoireacht) sa Ghaeilge amháin. Bronnfar leibhéil ar dhaltaí ag deireadh Eochairchéim 2 agus 3 sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.

1.2 Daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais (SRO) acu

Daltaí a bhfuil SRO acu, ar a n-áirítear Meándeacrachtaí Foghlama (*MLD*), is gnách go mbíonn orthu na riachtanais uilig de na socruithe measúnaithe reachtúla agus na scileanna traschuraclaim a chomhlíonadh.

Daltaí a bhfuil SRO acu, b'fhéidir go mbeadh siad díolmhaithe ó mheasúnú agus thabharfaí leibhéal dóibh (toradh uimhriúil) ar na cúiseanna seo a leanas:

- Tá ráitis ag daltaí de An-deacrachtaí Foghlama (*SLD*) nó Mórdheacrachtaí agus Ildeacrachtaí Foghlama (*PMLD*).
- I gcásanna eisceachtúla is féidir go ndéanfar dalta a dhíolúint ó chuid de na socruithe measúnaithe, nó uathu uilig, má shonraítear a leithéid i ráiteas sainriachtanas oideachais an dalta.

---

[1] Is é An tOrdú Oideachais 2006 (Tuaisceart Éireann), a cuireadh i bhfeidhm i Lúnasa 2006, a thugann an bonn reachtúil do na socruithe measúnaithe. Féach fosta An tOrdú Oideachais 2012 (Leibhéil de Dhul Chun Cinn d'Eochairchéimeanna 1, 2 agus 3) (Tuaisceart Éireann)

[2] Cumarsáid i mBéarla – agus/nó i nGaeilge de réir mar is cuí i nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta

Ábhair threorach SRO

Le tuilleadh eolais a fháil ar mheasúnú a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil SRO acu, iarrtar ort amharc ar threoir an Roinn Oideachais.

1.3 Díolúintí eile

Is féidir go mbeidh tosca ann ó am go chéile ar cásanna eisceachtúla iad, a mheasann an Príomhoide, le comhaontú Bhord na nGobharnóirí agus na dtuismitheoirí/na gcúramóirí, go mbeadh sé míchuí do dhalta measúnú reachtúil a dhéanamh, mar shampla daltaí nuathagtha, daltaí a bhfuil droch-riocht sláinte orthu nó ar tharla eachtra thrámach dóibh.

Sna cásanna sin, is féidir go bhfaighidh an dalta díolúine ó shocruithe reachtúla ar bhonn sealadach.

Tá sonraí de na tosca agus na gnásanna le díolúintí sealadacha a dhéanamh leagtha amach i gCiorclán 1990/45 a d'eisigh an Roinn Oideachais i Lúnasa 1990.

1.4 Torthaí uimhriúla a sheoladh isteach do dhaltaí atá sna blianta deiridh d'Eochairchéimeanna 1, 2 agus 3 (Blianta 4, 7 agus 10) in 2024/25

Déanfar na leibhéil a bhronn na múinteoirí a bhailiú go leictreonach trí C2k.

Ní gá leibhéil a chur isteach fá choinne gné ar bith eile den Chumarsáid ná d'Úsáid na Matamaitice trí C2k in 2024/25.

Ní gá leibhéil a chur isteach d'Úsáid TFC trí C2k in 2024/25.

Ní dhéanfar modhnóireacht ar na Socruithe Eatramhacha don Mheasúnú Deireadh Eochairchéime.

Roinn 2
Measúnú Múinteora

Déanfaidh múinteoirí measúnú ar a gcuid daltaí trí ghníomhaíochtaí measúnaithe atá mar chuid den ghnáth-obair ranga leanúnach. Níor chóir gur obair bhreise í an obair atá i gceist ach is féidir Tascanna Measúnaithe de chuid CCEA a úsáid más mian. Ba chóir do mhúinteoirí leanúint orthu ag baint úsáid as réimse d'fhoinsí le heolas measúnaithe a sholáthair ar ghnóthachtáil na ndaltaí.

2.1 Tascanna Measúnaithe CCEA

Tá Díolaim Tascanna agus Eiseamláirithe ar fáil ag CCEA d'Eochairchéim 1 agus 2 agus d'Eochairchéim 3 araon. Gheobhaidh tú Tascanna Measúnaithe CCEA ag leibhéil éagsúla ag gach Eochairchéim agus gach Scil Traschuraclaim.

Ní gá do scoileanna úsáid a bhaint as Tascanna Measúnaithe CCEA do dhaltaí Bhlianta 4, 7 agus 10 in 2024/25. Sin ráite, b'fhéidir gur mhaith le múinteoirí úsáid a bhaint astu le tacú lena mbreithiúnais. Níor chóir amharc ar thascanna mar 'scrúduithe' ach mar ghné amháin de mheasúnú leanúnach an mhúinteora atá ann le tacú leis na breithiúnais shuimitheacha a dhéantar maidir le leibhéal.

2.2 Breithiúnais a dhéanamh maidir le leibhéil in 2024/25

I ndiaidh do mhúinteoirí an réimse d'fhaisnéis mheasúnaithe atá ar fáil a mheas, ba chóir go raibh siad in ann breithiúnas suimitheach leibhéal-bhunaithe a dhéanamh, bunaithe ar na tuairiscíní sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn maidir leis an Chumarsáid (Léitheoireacht), agus Úsáid na Matamaitice (Uimhreas in EC1 agus 2 agus Uimhreas agus Ailgéabar in EC3) do dhaltaí i mBlianta 4, 7 agus 10.

Moltar do mhúinteoirí, agus breithiúnais shuimitheacha á ndéanamh acu ag deireadh Eochairchéime, an leibhéal is fearr a dhéanann cur síos ar obair an dalta a roghnú, bunaithe ar eolas, tuiscint agus scileanna an dalta sin. Le teacht ar bhreithiúnas cuimsitheach den leibhéal a bhain an dalta amach, ba chóir do mhúinteoirí breithiúnais a dhéanamh bunaithe ar fheidhmíocht an dalta ina hiomláine thar réimse oibre. Glactar leis go bhfuil na scileanna a gcuirtear síos orthu ag leibhéal áirithe cuimsithe sa leibhéal atá os a cheann. Bíonn sé úsáideach an leibhéal a roghnaítear a chur i gcomparáid leis na leibhéil atá go díreach os a cheann agus díreach faoi.

Nuair a mheasann múinteoir gur ghnóthaigh dalta Leibhéal 4, mar shampla, ciallaíonn an focal 'gnóthú' go bhfuil gnóthachtáil dhaingean ag an dalta, de réir bhreithiúnas an mhúinteora, i Leibhéal 4, cionn is gur léirigh an dalta:

- inniúlacht thar réimse leathan na riachtanas don Scil Traschuraclaim agus sa chuid is mó de na critéir a bhaineann leis an leibhéal thar réimse dá gcuid oibre;
- an cumas a bheith ag obair go comhsheasmhach agus go neamhspleách sa chuid is mó de ghnéithe an leibhéil; agus
- gur féidir leo an méid a d'fhoghlaim siad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna nua agus/nó i gcomhthéacsanna nach bhfuil siad cleachta leo, de réir mar is cuí.

© CCEA 2024

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning